C/2026/3264

17.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12278 — PARAMOUNT SKYDANCE / WARNER BROS DISCOVERY)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3264)

1. An 2 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Paramount Skydance Corporation ('PSKY', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Warner Bros. Discovery, Inc ('WBD', Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Gheobhaidh PSKY rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar WBD ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda meán, sruthaithe agus siamsaíochta é PSKY, cuideachta atá liostaithe go poiblí agus a bhfuil a cheanncheathrú i Nua-Eabhrac, a chruthaíonn ábhar agus eispéiris do lucht féachana ar fud an domhain. Áirítear ar phunann PSKY Paramount Pictures, Paramount Television, CBS News, CBS Sports, Nickelodeon, MTV, BET, Comedy Central, Showtime, Paramount+, Pluto TV agus na rannáin Skydance Media seo a leanas: beochan, cluichí/idirghníomhaíocht agus spórt.

— Is cuideachta dhomhanda meán agus siamsaíochta é WBD, cuideachta atá liostaithe go poiblí agus a bhfuil a cheanncheathrú i Nua-Eabhrac, a chruthaíonn agus a dháileann punann inneachair éagsúil agus táirgí éagsúla ar fud na teilifíse, na scannán, an tsruthaithe agus na cluichíochta idirghníomhaí. Áirítear ar phunann brandaí agus sócmhainní táirgthe WBD, i measc nithe eile, Discovery Channel, CNN, DC Studios, New Line Cinema, TNT Sports, Eurosport, Max, HBO, WBMPG, WBTVG, agus Warner Bros.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12278 — PARAMOUNT SKYDANCE / WARNER BROS DISCOVERY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').